CINNEADH (AE) 2022/87 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Eanáir 2022

lena gceaptar ceathrar comhaltaí, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hIodáile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Matteo Luigi BIANCHI éirí as agus tar éis dheireadh na sainorduithe náisiúnta ar ar a mbonn a moladh Arianna Maria CENSI, Virginio MEROLA agus Virginia RAGGI a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na hIodáile na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nua, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Matteo Luigi BIANCHI, *Consigliere del Comune di Varese* (Comhalta de Thionól Áitiúil Varese), Arianna Maria CENSI, *Assessore del Comune di Milano* (Comhalta d'Fheidhmeannach Áitiúil Milano) agus Virginia RAGGI, *Consigliere del Comune di Roma* (Comhalta de Thionól Áitiúil na Róimhe).

(5) Mhol Rialtas na hIodáile Dario NARDELLA, ionadaí ó chomhlacht áitiúil a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil go dtí an 25 Bealtaine 2024, *Sindaco del Comune di Firenze* (Méara Fhlórans) mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an dáta sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas de chomhlachtaí áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún:

— Matteo Luigi BIANCHI, *Consigliere del Comune di Varese* (Comhalta de Thionól Áitiúil Varese), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

— Arianna Maria CENSI, *Assessore del Comune di Milano* (Comhalta d'Fheidhmeannach Áitiúil Milano), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

— Dario NARDELLA, *Sindaco del Comune di Firenze* (Méara Fhlórans) go dtí an 25 Bealtaine 2024,

— Virginia RAGGI, *Consigliere del Comune di Roma* (Comhalta de Thionól Áitiúil na Róimhe), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Eanáir 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. DENORMANDIE